



Tag:/Re: Cód Iompair Scoile
Dáta: 03/02/2021

Gaelscoil Moshíológ Cód Iompair

Aidhmeanna:

- Léirítear an t-éiteas idirchreidmheach, comhoideachasúil atá ag an scoil sa chód iompair seo. Is é an aidhm atá ag an gcód iompair seo ná timpeallacht struchtúrtha agus ordúil a chruthú, timpeallacht ina gcuirtear dea-iompar chun cinn, timpeallacht inár féidir le daltaí, trí fhéin-araíonacht a fhorbairt, mothú sábháilte agus dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse dá bhforbairt.
- Déanfaidh baill foirne na scoile a ndícheall cur chuige dearfach a úsáid maidir le cúrsaí iompair sa scoil.

Prionsabail:

- Aithníonn an scoil go mbíonn éagsúlacht de dhifríochtaí idir daltaí agus aithnítear freisin an tábhacht glacadh leis na difríochtaí seo.
- Leagfar béim ar chur chun cinn an dea-iompair sa scoil.
- Aontaítear go mbíonn gá le muintearas laistigh den phobal scoile agus comhoibriú ardleibhéal idir baill foirne, tuismitheoirí agus daltaí na scoile chun ardchaighdeán iompair a bhaint amach.
- Déanfar gach iarracht le cinntiú go gcuirtear an cód iompair i bhfeidhm i mbealach réasúnta, cothrom agus comhsheasmhach.

Rialacha na Scoile

Is Gaelscoil í Gaelscoil Moshíológ.

Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile, sa seomra ranga, sa chlós agus le linn aon ghníomhaíochtaí scoile laistigh nó lasmuigh de shuíomh na scoile. An riail is tábhachtaí atá againn ná **“Gaeilge Anseo”**. Baintear úsáid as na straitéisí thíosluaite chun an riail seo a chur i bhfeidhm:

- An tumoideachas
- Múineadh éifeachtach den Ghaeilge agus den fhoclóir Gaeilge
- Úsáid na Gaeilge a spreagadh/a ghríosú
- Dearbháin a bhronnadh d’úsáid na Gaeilge ar féidir Rang na Seachtaine a ghnóthú mar thoradh
- Ceiliúradh a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge sa scoil trí Ghaeilgeoir na Seachtaine a bhronnadh ar dhalta ó gach rang ar bhonn seachtainiúil

- Cárta Glas a bhronnadh ar dhaltáí a labhraíonn Gaeilge lasmuigh de shuíomh na scoile

Is iad na trí riail scoile eile atá againn ná:

- **Bí cineálta**

M.sh. Ní mór dom a bheith cineálta agus meas a léiriú ar na múinteoirí agus ar dhaltáí eile trí bheith béasach agus dea-mhúinte, trí fhanacht le mo sheal agus trí a bheith ciúin agus ordúil sa líne ranga. Ní mór dom mé féin a iompar mar is cóir sa seomra ranga ionas gur féidir liomsa agus leis na daltaí eile sa rang foghlaim.

- **Bí freagrach**

M.sh. Ba chóir dom mo dhícheall a dhéanamh ar scoil i gcónaí trí bheith ag éisteacht go cúramach, trí bheith ag obair go doicheallach agus trí m'obair bhaile a dhéanamh.

Ní mór dom meas a léiriú orm féin agus ar mo shealúchas agus a chinntiú go mbíonn mo mhála scoile, mo leabhair agus mo chóipleabhair i ndea-chaoi i gcónaí.

Ba chóir dom a bheith macánta agus an fhírinne a insint i gcónaí.

Ní mór dom a bheith freagrach agus mé ag úsáid teicneolaíochta sa scoil (Tá cosc iomlán ar úsáid a bhaint as teicneolaíocht phearsanta le linn uaireanta scoile). Féach an polasaí úsáide inghlactha.

- **Bí sábháilte**

M.sh. Ba chóir dom a bheith sábháilte ag dul ar scoil agus ag filleadh ón scoil.

Ní mór dom siúl agus mé laistigh den fhoirgneamh scoile.

Caithfidh mé fanacht i mo shuí an t-am ar fad sa seomra ranga agus fad is a bhím ag ithe mo lóin.

Níor chóir dom áitreabh na scoile a fhágáil riamh gan chead a lorg ón bpríomhoide roimh ré.

Cuireann gach rang fo-rialacha aoisoiriúnacha le chéile faoi na trí cheannteideal **Bí Cineálta, Bí Freagrach & Bí Sábháilte**. Cuirtear na trí bhunriail seo ar taispeáint timpeall áitreabh na scoile agus cuirtear na fo-rialacha faoi na ceannteidil seo ar taispeáint i ngach seomra ranga.

Bulaíocht

Níor chóir dom bulaíocht a dhéanamh ar aon duine eile. Níor chóir dom ligean do dhaoine eile bulaíocht a dhéanamh ormsa agus má tharlaíonn sé, ba chóir dom é a insint do mo thuismitheoirí agus do mo mhúinteoir. Bíonn bulaíocht do-ghlactha i gcónaí. (Tá póstaer ar crochadh timpeall na scoile a thacaíonn leis an teachtaireacht seo).

Is zón 'saor ó bhulaithe' é Gaelscoil Moshíológ.

Tionóil Scoile

Príomhoide: Carol Scott
Príomhoide Cúnta: Caroline Ní Ghrifín

Leas-Phríomhoide: Niamh O'Sullivan
Príomhoide Cúnta: Caitríona Ní Mhurchú

Cuirtear aidhmeanna ár gcód iompair chun cinn le linn na dtionól scoile seachtainiúil. Sna tionóil seo, tugtar aghaidh ar rialacha scoile faoi leith nó ar cheisteanna a thagann chun cinn le linn na scoilbhliana, m.sh. sábháilteacht chlóis, bulaíocht, achoimre ghinearálta ar rialacha na scoile srl. Gach seachtain tugtar aitheantas do Dhalta agus do Ghaeilgeoir na Seachtaine ó gach rang agus bronntar teastais fhiúntais ar dhaltáí gach uair a fhaigheann siad 5 cárta ghlasa (Féach Córas Smachta na Scoile).

Cláir/Ceachtanna:

Múintear na cláir seo a leanas inár scoil i gcomhar lenár gcuraclam OSIE. Spreagtar forbairt luachanna, scileanna sóisialta, dearthaí agus comhbhá trí na cláir seo:

- An clár Bí Sábháilte
- An clár *Friends for Life*
- An clár OCG
- Beo go Deo (Teagasc Críostaí)

Clár ama na Scoile:

- Tús an lae scoile: 9.20 rn
- Deireadh an lae scoile: Naí. Bheaga & Naí. Mhóra 2.00 in
Rang 1 – Rang 6 3.00 in

Obair Bhaile:

Is é polasaí na scoile ná obair bhaile a thabhairt do dhaltáí ar bhonn rialta. Moltar do thuismitheoirí ról gníomhach a ghlacadh in obair bhaile a bpáistí agus an dialann obair bhaile a shíniú gach oíche (le cinntiú go bhfuil an obair bhaile déanta).

Straitéisí:

1. Tugtar moladh do dhaltáí trí aon cheann de na bealaí seo a leanas:

- Focal ciúin nó comhartha a chuireann dearbhú in iúl
- Trácht a scríobh i gcóipleabhar an dalta
- Cuairt a thabhairt ar bhall foirne eile nó ar an bpríomhoide chun ardmholadh a fháil
- Focal molta os comhair an ghrúpa nó os comhair an ranga
- Córas de mharcanna fiúntais a chur i bhfeidhm (cinneadh le déanamh ag an múinteoir ranga indibhidiúil).
- Freagracht nó pribhléid faoi leith a roinnt ar an dalta
- Cárta Glas a bhronnadh (Féach Córas Smachta na Scoile)
- Trácht i scríbhinn nó ó bhéal le thuismitheoir an dalta
- Aitheantas a thabhairt don dalta ag tionól scoile (Dalta/Gaeilgeoir na Seachtaine)

2. Léireofar míshástacht maidir le hiompar do-ghlactha ar na bealaí seo a leanas:

(Is é an saghas iompair a rialóidh an straitéis a mbainfear úsáid as).

Príomhoide: Carol Scott Leas-Phríomhoide: Niamh O'Sullivan
Príomhoide Cúnta: Caroline Ní Ghrifín Príomhoide Cúnta: Caitríona Ní Mhurchú

- Ciall a chur sna daltaí
- Íde béil a thabhairt (mar on le comhairle faoin conas an t-iompar a fheabhsú)
- Cumarsáid le tuismitheoirí
- Scaradh sealadach ó phiaraí agus/nó cailteanas pribhléidí (seal i leataobh)
- An dalta a chur ar aghaidh chuig an bPríomhoide nó chuig an Leas-Phríomhoide
- Nóta chuig tuismitheoirí
- Cárta Buí nó Cárta Dearg a bhronnadh ar an dalta mar is cuí (Féach Córas Smachta na Scoile)
- An dalta a choimeád isteach mar thoradh ar thrí chárta bhuí nó cárta dearg amháin a fháil (Féach Córas Smachta na Scoile)
- An dalta a chur ar fionraí (ag brath ar chomhrá le tuismitheoirí agus tar éis machnamh a dhéanamh ar na fachtóirí thíosluaite roimh fhionraí *)

Nósanna Imeachta:

Is iad na múinteoirí agus/nó an Príomhoide a dhéanfaidh breithiúnas ar an leibhéal mí-iompair (fánach, tromchúiseach, an-tromchúiseach) agus bainfear úsáid as cur chuige stuama maidir le tromchúis agus le minicíocht an drochiompair, mar a léirítear thíos:

1. Samplaí de mhí-iompar fánach:

Ag cur isteach ar an iompar ranga, ag rith laistigh d'fhoirgneamh na scoile/ ag labhairt sa líne ranga/ ag fágáil cathaoir gan chead le linn am lóin/ ag fágáil bruscair timpeall na scoile/ a bheith drochbhéasach/ a bheith mímhúinte/ gan an obair bhaile a chríochnú gan cúis maith/ gan an obair bhaile a bheith sínithe ag tuismitheoir/ é/í féin nó daltaí eile a chur i mbaol sa chlós scoile le linn am sosa.

1.1 Samplaí de chéimeanna atá le tógáil ag múinteoirí agus iad ag déileáil le mí-iompar fánach:

- Íde béil/ciall a chur sa dalta
- An rogha Cárta Buí a bhronnadh más gá (Féach Córas Smachta na Scoile)

1.2 Samplaí de chéimeanna atá le tógáil nuair nuair a tharlaíonn an mí-iompar fánach ar bhonn rialta

Céim 1 (Laistigh den seomra ranga):

- Nóta sa dialann obair bhaile le bheith sínithe ag tuismitheoir/scaradh sealadach ó phiaraí
- Athrú ar an bplean suíocháin sa seomra ranga
- An dalta a sheoladh amach go múinteoir eile/gan chead a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ranga faoi leith
- Nóta chuig tuismitheoirí maidir le tuilleadh drochiompair sa chlós (Is ionann drochiompar sa chlós agus aon ghníomh a chuireann sábháilteacht an dalta féin nó daltaí eile i mbaol).

Céim 2:

- An dalta a sheoladh chuig an bPríomhoide nó chuig an Leas-Phríomhoide
- Rogha Cárta Buí a bhronnadh más gá (Féach Córas Smachta na Scoile)
- An dalta a choimeád isteach mar thoradh ar thrí chárta bhuí a fháil (Féach Córas Smachta na Scoile)
- Buailleann an múinteoir ranga le tuismitheoir(i) an dalta.
 - Buailleann an Príomhoide/Leas-Phríomhoide le tuismitheoir(i) maidir leis an iompar ar am gclós

2. Samplaí de mhí-iompar tromchúiseach

Ag cur isteach ar an rang ar bhonn leanúnach/ ag insint bréige/ ag goid/ ag déanamh damáiste do shealúchas daltaí eile/ bulaíocht/ ag tabhairt aisfhreagraí don mhúinteoir/ ag fágáil áitreabh na scoile i rith an lae scoile gan cead a lord ón bPríomhoide/ gan a bheith ag obair ag barr a c(h)umais/ teanga do-ghlactha a úsáid/ dalta eile a ghortú d'aon ghnó.

2.1 Samplaí de chéimeanna atá le tógáil chun déileáil le mí-iompar tromchúiseach:

- an dalta a sheoladh chuig an bPríomhoide/chuig an Leas-Phríomhoide
- Rogha Cárta Buí/Cárta Dearg a bhronnadh agus an dalta a choimeád isteach más gá (Féach Córas Smachta na Scoile)
- Seolann an Príomhoide nóta abhaile sa dialann obair bhaile le bheith sínithe ag tuismitheoir
- Buailleann an Príomhoide le tuismitheoir(i)
- Cuirtear Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ar an eolas faoin mí-iompar tromchúiseach agus iarrtar ar na tuismitheoirí bualadh leis an bPríomhoide agus leis an gCathaoirleach

3. Samplaí de mhí-iompar an-tromchúiseach

Sealúchas scoile a chur trí thine/ ag fágáil buacairí ar siúl d'aon ghnó ar mhaithe le damáiste a dhéanamh/ iompar ionsaitheach, bagrach nó foréigneach a léiriú ar mhúinteoir nó ar dhalta eile

3.1 Samplaí de chéimeanna atá le tógáil chun déileáil le mí-iompar an-tromchúiseach

Ceadaíonn an Cathaoirleach/an Príomhoide an dalta a chur ar fionraí mar is cuí agus braitheann sé seo ar chomhrá le tuismitheoirí agus caithfear machnamh a dhéanamh ar na fachtóirí thíosluaite roimh fhionraí *

B'fhiú a chur san áireamh nach bhfuil sna liostaí seo ach samplaí amháin: ní hionann an liosta seo agus liosta cuimsitheach de mhí-iompar agus de chéimeanna nóis imeachta.

Ní mór an polasaí seo a léamh i dteannta lenár bpolasaithe a bhaineann leis an gCóras Smachta agus leis an bhfrith-bhulaíocht.

*

Fachtóirí gur fiú machnamh a dhéanamh orthu sula gcinnfear dalta a chur ar fionraí:

An cineál iompair agus cé chomh tromchúiseach is atá an t-iompar sin

- Cad é an cur síos cruinn ar an iompar seo?
- Cé chomh minic is a tharlaíonn an drochiompar seo?
- An bhfuil an drochiompar tar éis dul in olcas in ainneoin na n-idirghabhálacha ar baineadh triail astu?

Comhthéacs an iompair

- Cad iad na cúinsí a bhaineann leis na heachtraí mí-iompair tromchúiseacha (m.sh. sa seomra ranga, i seomra ranga múinteoir áirithe, sa chlós, i ngrúpa)?
- Cad iad na fachtóirí a spreag eachtraí mí-iompair tromchúiseacha (m.sh. bulaíocht, fachtóirí cultúrtha nó teaghlaigh)?
- Cén aois é/í an dalta? Cén staid den fhorbairt ina bhfuil siad? Cad é cumas cognaíoch an dalta?
- An bhfuil aon fhachtóirí a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an iompar (m.sh. cúinsí baile faoi leith, riachtanais oideachais speisialta)?

Tionchar an iompair

- Cén tionchar a bhíonn ag iompar an dalta seo ar bhaill foirne agus ar dhaltaí eile?
- Cén tionchar a bhíonn ag iompar an dalta seo ar an múineadh agus ar an bhfoghlaim sa seomra ranga?
- An imríonn an t-iompar tionchar níos mó/faoi leith ar dhaltaí áirithe nó ar mhúinteoirí áirithe?
- An dtuigeann an dalta an tionchar a bhíonn ag a (h)iompar ar dhaoine eile?

Idirghabhálacha ar baineadh triail astu go dtí seo

- Cad iad na hidirghabhálacha ar baineadh triail astu? Cé chomh fada is a mhair na hidirghabhálacha?
- Conas a rinneadh monatóireacht agus taifead ar na hidirghabhálacha a cuireadh i bhfeidhm?
- Cén toradh a bhí ar na hidirghabhálacha sin?
- An raibh na tuismitheoirí páirteach sa phróiseas chun teacht ar réiteach ar an ndrochiompar?
- Ar lorgaíodh comhairle/idirghabháil ó NEPS nó ar lorgaíodh measúnacht shíceolaíochta nó comhairleoireacht nuair ba chúí?
- An bhfuil aon idirghabhálacha eile ar fáil ar nós eadráin idir piara, cuir chuige maidir le ceartas aisíoch nó comhdháil teaghlaigh?
- An bhfuil an dalta nó an tuismitheoir bainteach le haon seirbhís tacaíochta? Má tá, ar iarradh ar an ngníomhaireacht seo nó ar an tseirbhís tacaíochta seo cabhrú chun an fhadhb a réiteach?
- Ar lorgaíodh cúnaimh ó aon ghníomhaireacht eile (m.sh. an Clinic Treorach Leanaí, Seirbhísí do Leanaí agus d'Ógánaigh)?

An freagra cóir/cuí é an fhionraí?

- An gá an dalta a chur ar fionraí mar thoradh ar an iompar seo?
- An ionann an caighdeán a úsáidtear chun breithiúnas a dhéanamh ar iompar an dalta áirithe seo agus an caighdeán a d'úsáidfí chun breithiúnas a dhéanamh ar iompar daltaí eile?

An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an dalta a chur ar fionraí

- An mbeidh seansanna eile chun idirghabhálacha breise nó idirghabhálacha malartacha a chur i bhfeidhm in ainneoin na fionraí seo?
- An mbeidh seans ag an dalta an drochiompar a athrú mar thoradh ar an bhfionraí seo?
- Conas a chabhróidh an fhionraí seo le múinteoirí agus le daltaí eile (daoine ar imir iompar an dalta tionchar orthu)?
- An ndéanfar laigí oideachasúla an dalta níos measa mar thoradh ar an bhfionraí seo?

Síniú: *Melanie Ní Dhuinn* (Cathaoirleach) Dáta: 03/02/2021

Síniú: *Carol Scott* (Príomhoide) Dáta: 03/02/2021